Tionscadal Feirme Gaoithe Ghort Uí Raithile

STLI(RESS)-1 Miondealú ar an gCiste Sochar Pobail

Tá na prionsabail ardréime a leanas foilsithe ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) faoi réir ag Téarmaí agus Coinníollacha STLI-1 (an chéad cheant STLI), a leagan amach conas a roinntear cistí (féach mír 7.2.6 Téarmaí agus Coinníollacha an STLI-1

nasc: https://www.gov.ie/en/publication/36d8d2-renewable-electricity-support-scheme/) :

Is é an Gineadóir nó a ghníomhaire a dhéanfaidh riaradh ar na cistí sa Chiste Sochar Pobail agus is é a dhéanfaidh na cistí sin a dháileadh le linn tréimhse Tacaíocht STLI 1 an tionscadail STLI 1 ar bhonn bliantúil mar seo a leanas:

a) maidir le Tionscadail Ghaoithe ar Talamh STLI-1, íocfar íosmhéid €1,000 le gach teaghlach atá suite laistigh d'achar ga 1 chiliméadar ón Tionscadal STLI 1;

b) íocfar 40% ar a laghad de na cistí le fiontair phobail neamhbhrabúis arb é a bpríomhfhócas nó a gcuspóir é tionscnaimh a chur chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe(NA) a sheachadadh, go háirithe Spriocanna 4, 7, 11 agus 13, lena n-áirítear oideachas, éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh inbhuanaithe agus tionscnaimh gníomhaithe ar son na haeráide;

c) féadfar uasmhéid 10% de na cistí a chaitheamh ar riarachán. Déantar é sin chun torthaí rathúla agus dea-rialachas an Chiste Sochar Pobail a áirithiú. Féadfaidh an Gineadóir an caiteachas sin ar riarachán a fhorlíonadh óna chistí féin má mheastar go bhfuil sé riachtanach a dhéanamh amhlaidh; agus

d) caithfear iarmhéid na gcistí ar thionscnaimh a n-éireoidh leo sa phróiseas iarratais bliantúil, mar a mhol clubanna agus cumainn agus eintitis neamhbhrabúis dá macasamhail, agus i leith Tionscadail Ghaoithe ar Talamh STLI 1, ar "íocaíochtaí garchomharsan" do theaghlaigh atá suite lasmuigh d'achar 1 chiliméadar ó Thionscadal STLI 1 ach laistigh d'achar 2 chiliméadar ón Tionscadal STLI 1 sin.